

**TEXT OF THE INTRODUCTORY ADDRESS** delivered by **MS ANNE GALLAGHER**, National University of Ireland, Maynooth, on 12 June 2008, on the occasion of the conferring of the Degree of Doctor of Laws, *honoris causa*, on **HELEN Ó MURCHÚ**

A Sheánsailéir, a mhuintir na hOllscoile agus a dhaoine uaisle

Is minic agus muid ag labhairt faoi staid na Gaeilge go bhfaigheann an duairceas an lámh in uachtar, agus, ar ndóigh, mar a tharlaíonn i gcás teanga mionlaigh ar bith, bíonn cúiseanna maithe inní againn. Ach tá daoine ann nach ngéilleann don duairceas seo agus a bhíonn i mbun obair cheannródaíoch, phraictiúil, dhearfach, agus go minic, ar bhonn deonach, leis an teanga a chur chun tosaigh. Is duine de na daoine sin Helen Ó Murchú.

Ní beag an méid atá bainte amach ag an Ghaeilge le fiche bliain anuas. Ó thaobh na reachtaíochta de, ardú stádais san Eoraip agus sa bhaile, ó thaobh na cumarsáide de, cainéal teilihíse agus stáisiúin nua deonacha raidió, gan trácht ar áit na teanga i gcroíthe na ndaoine, a léiríonn an borradh faoi na Gaelscoileanna, agus pobalbhreith inar aontaigh 57% de mhuintir na tíre gur mhottaigh siad féin go raibh tábhacht le cur chun cinn na Gaeilge.

Ní de thaisme a tharlaíonn forbairtí mar seo. Bíonn obair le déanamh ar an talamh le feasacht a chothú ar an teanga féin, ar chearta an chainteora, agus go deimhin ar an teagasc agus ar an fhoghlaím. Tá a saol tiomanta ag Helen Ó Murchú don obair seo. Indiadh di bunchéim sa Fhraincis agus sa Ghaeilge a bhaint amach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus MA sa Ghaeilge agus Ardteastas san Oideachas san Ollscoil chéanna, rinne sí *Diploma in Foreign Languages in Elementary School* in Ollscoil De Paul, Chicago, agus MEd i gColáiste na Tríonaíde, Baile Átha Cliath. Bhí sí gníomhach san oideachas ag an chéad, dara agus tríú leibhéal mar mhúinteoir agus mar mhúinteoir oiliúna, mar scrúdaitheoir, mar dhearthóir siollabas, mar thaighdeoir, mar chomhairleoir, agus mar stiúrthóir ar choláiste oiliúna. Chreid sí i gcónaí go raibh leas na Gaeilge le fáil san oideachas agus gur chun leasa an oideachais a bhí foghlaim na Gaeilge.

Tá prionsabal amháin ag cothú na hoibre atá déanta agus á déanamh go fóill ag Helen Ó Murchú: cosaint na gceart daonna. Cearta chainteoir teanga an mhionlaigh, cearta an duine atá ag iarraidh an teanga a thabairt leis, cearta na mban. Agus na cearta seo á gcosaint aici bhí sí ina cathaoirleach ar OMEP (*Organisation Mondiale pour l'Education Préscolaire*), ar Bhord na Gaeilge, ar Choiste Stiúrtha Ghlór na nGael, ar an Bhiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana, ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, ar Oireachtas na Gaeilge, ar Choiste Theiripe Teanga agus Urlabhra de chuid Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, ina cathaoirleach bunaidh ar an Chomhchoiste Réamhscolaíochta agus ar Pharlaimint na mBan, agus ina Tánaiste ar Chonradh na Gaeilge. Bhí sí ina comhalta d’Institiúid Teangeolaíochta Éireann, de Choiste na nGaelscoileanna, de Choiste Forbartha Shabhal Mòr Ostaig na hAlban, d’Údarás Rialaithe Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus de Chomhairle Chomhghairm Ollscoil na hÉireann. Ba í Stiúrthóir Náisiúnta Chomhar na Múinteoirí Gaeilge ó 1986 go dtí 2003. Tugadh aitheantas poiblí don obair seo nuair a bronnadh Gradam an Phiarsaigh uirthi sa bhliain 1998.

Faoi láthair, agus í ar scor (!), tá sí ag feidhmiú mar chomhalta ar Choiste Ghlór na nGael, ar Choiste Náisiúnta Bhiúró na dTeangacha Neamhfhorleathana, ar Fhóram na Gaeilge, ar Bhord Rialaithe Institiúid Oideachais Marino, i measc rudaí eile.

Ta sé soiléir ón chosán a thóg sí, gur thuig Helen Ó Murchú go luath gur ar scáth a chéile a mhaireann na teangacha. Bhí sí ar thus cadhnaíochta maidir le teagasc na teanga, ag dearadh ábhar a bhí bunaithe ar úsáid na teicneolaíochta sa rang. Thuig sí fost a tábhacht atá le saíocht agus litríocht na teanga taobh istigh den chur chuige cumarsáideach. Thug Aonad Polasaí Teanga Chomhairle na hEorpa cuireadh di an saineolas a bhí aici a roinnt le grúpaí eile a bhí ag plé le teangacha neamhfhorleathana agus thug Roinn Cearta Daonna na heagraíochta céanna cuireadh di an ghné sin dá cuid oibre a chur i láthair ar fud na hEorpa, rud a d’fhág gur labhair sí le grúpaí ó Phamlona go Trieste agus ón Lóbháin go Samara. Chuir a cuid oibre le Biúró na dTeangacha Neamhfhorleathana i dteaghmháil í le pobail eile teanga agus iarradh chuig an loruá í le labhairt leis na Saami toisc tábhacht a gcuidear vótaí don phróiseas Eorpach.

In Helen Ó Murchú, tá abhcóide den scoth ag pobal na Gaeilge agus go deimhin ag pobal na dteangacha neamhfhorleathana go léir. Is chun sochair na teanga a chuaigh a cuid saineolais agus a cuid scileanna pearsanta: an dóchas dochloíte a bhí agus atá aici, an fhoighid, an dúil san obair, a cumas chun anailíse, an greim a bhíonn aici ar an mhórphictiúr, a cuid misnigh. An misneach a bhíonn aici tabhairt faoi bhearta nua, ach le lón cogaidh an eolais agus na hanailíse.

Helen Ó Murchú has devoted her life to Irish-language education and the promotion of lesser-used languages both at home and abroad. She has been an educator in the true sense of that term: affirming, nurturing, guiding, leading by example, giving unselfishly of her time, her energy and her huge expertise to all those who seek her help. She has published widely on bilingualism, on language planning, on teaching and learning language skills and on the Irish language itself. In her latest publication, *More Facts about Irish*, published only last week, Helen writes, “*Is do gach saoránach an Ghaeilge, nó deis uirthi...*” “The Irish language, or an opportunity to acquire it, is for every citizen.” Helen Ó Murchú’s work has ensured, and continues to ensure, that this aspiration is fully realized.

A Helen Uí Mhurchú, tá comaoin curtha agat ar phobal na Gaeilge, idir chainteoirí ó dhúchas agus fhoghlaimeoirí, agus orthu siúd a bhaineann le pobail mhionlaigh teanga ar fud na hEorpa. Tá an Ollscoil agus pobal na hÉireann buíoch diót agus dá réir sin bronnann muid an chéim seo ort inniu.

*PRAEHONORABILIS CANCELLARIE, TOTAQUE UNIVERSITAS:*

*Praesento vobis, hanc meam filiam quam scio tam moribus quam doctrina habilem et idoneam esse quae admittatur, honoris causa, ad gradum Doctoratus in utroque Jure, tam Civili quam Canonico, idque tibi fide mea testor ac spondeo totique Academiae.*